

An tAontas Eorpach | Nótaí H1

Institiúidí

An Coimisiún Eorpach

Tá an coimisiún comhdhéanta de choimisinéirí ó gach ballstát. Molann siad dlíthe nua agus cuireann siad dlíthe reatha i bhfeidhm. Dréachtaíonn siad Buiséad an AE freisin agus cuireann siad polasaithe aontaithe i bhfeidhm.

Parlaimint na hEorpa

Bíonn Feisirí de Pharlaimint na hEorpa (FPEanna) sa pharlaimint, daoine tofa atá ag cur fúthu san AE. Pléann siad dlíthe nua atá molta agus molann siad athruithe. Ceadaíonn na FPEanna an Buiséad atá leagtha amach ag an gCoimisiún Eorpach.

Comhairle na nAirí

Déanann siad cinntí laistigh den AE. Socraíonn siad na dlíthe a chuirfear i bhfeidhm. Déanann siad iarracht an AE a fhorbairt agus cuspóirí a leagan síos dó. Cinntíonn siad freisin comhoibriú idir na ballstáit.

Cúirt Iniúchóirí na hEorpa

Déanann siad monatóireacht ar an maoiniú laistigh den AE agus cinntíonn siad go gcaitheann eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú an t-airgead mar is ceart. Cinntíonn siad go gcaitear an buiséad ar an mbealach is cothroime agus is féidir, agus déanann siad spotseiceálacha le cinntiú nach ndéanann aon tír nó gnólacht calaois.

An Chúirt Bhreithiúnais

Tá siad comhdhéanta de bhreithiúna ó gach ballstát. Cinntíonn siad go bhfuil na dlíthe á

leanúint agus cinntíonn siad go mbaintear an chiall chéanna as na dlíthe i ngach ballstát.

Polasaithe

An Comhbheartas Talmhaíochta

- Soláthraíonn sé margadh aonair do tháirgí talmhaíochta.
- Tugann sé caighdeán maireachtála áirithe d'fheirmeoirí.
- Cinntíonn sé ioncam feirmeoirí.
- Is costas ollmhór é don AE mar go gceannaíonn siad táirgí sa bhreis nach ndíoltar.

An Comhbheartas Iascaireachta

- Tugann sé deontais d'iascairí.
- Tugann sé caighdeán maireachtála áirithe d'iascairí.
- Socraíonn sé cuótaí maidir leis an méid éisc is féidir a fháil/ a cheannach.
- Ligeann sé d'iascairí ó thíortha nach cuid den AE iad iascaireacht a dhéanamh in uiscí na hÉireann, agus a mhalairt.

Beartas Sóisialta an AE

- Feabhsaíonn sé cáilíocht na beatha do gach duine laistigh den AE.
- Cosnaíonn sé cearta daoine.
- D'fhéadfadh an beartas costais ghnó a laghdú mar go socraítear íosphá.

Margadh Eorpach Aonair

- Fuair an Margadh Eorpach Aonair réidh le bacainní trádála.
- Deiseanna le leathnú a dhéanamh.
- Is féidir le hoibrithe oilte bogadh ó thír go tír.
- Iomaíocht mhéadaithe do ghnólachtaí.
- B'fhéidir go mbeadh ar ghnólachtaí táirgí a athrú chun caighdeáin an AE a chomhlíonadh.

An tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA)

- Chruthaigh sé an Euro
- Caithfidh gach tír laistigh de limistéar an euro na ceanglais maidir le rátaí úis, boillsciú, caiteachas agus fiachas a chomhlíonadh.
- Rialaithe ag an mBanc Ceannais Eorpach.
- Níl aon rátaí reatha malairte laistigh de limistéar an euro.
- Éasca praghsanna a chur i gcomparáid agus iad san airgeadra céanna.
- Ní bhíonn smacht ag an Rialtas ar ar rátaí úis ná ar fhiachas.
- Ní úsáideann an Ríocht Aontaithe an Euro - ní bhíonn na buntáistí céanna i gceist agus muid ag trádáil leis an Ríocht Aontaithe.

Buntáistí a bhaineann le Ballraíocht san AE

1. Bíonn fáil ar mhargaí eile.
2. Mealltar gnólachtaí eachtracha go hÉirinn.
3. Cuidíonn maoiniú AE le gnólachtaí agus le bonneagar.
4. Cosnaíonn polasaithe an AE ár gcuid oibrithe.
5. Baineann go leor buntáistí leis an Euro.